An Coimisinéir Teanga

# Alt 10A

(Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí)
Nóta Treorach – Teimpléad Monatóireachta Géilliúlachta do Chomhlachtaí Poiblí



@ceartateanga

2023

www.coimisineir.ie

## Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí)

## Teimpléad Monatóireachta Géilliúlachta do Chomhlachtaí Poiblí

Faoi réir alt 21(e) d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, is feidhm de chuid an Choimisinéara Teanga é comhairle a chur ar chomhlachtaí poiblí maidir lena ndualgais faoin Acht. Dá réir sin, reáchtáil Oifig an Choimisinéara Teanga (OCT) sraith seimineár gréasáin i mí Mheán Fómhair 2022 chun cabhrú le comhlachtaí poiblí ina gcuid ullmhúcháin faoi chomhair alt 10A. (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) a tháinig i ngníomh ar an 10 Deireadh Fómhair 2022. Mar thaca lena fheachtas comhairliúcháin ar alt 10A., tá teimpléad monatóireachta géilliúlachta curtha i dtoll a chéile ag OCT (scarbhileoga Excel faoi cheangal leis seo) chun comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas maidir le cineál na sonraí a bheidh riachtanach le géilliúlacht a thomhas faoi alt 10A.

Cuireadh dhá chás-staidéar i dtoll a chéile a bhfuil sonraí bréige iontu chun tuilleadh cabhrach fós a chur ar fáil do chomhlachtaí poiblí i leith an teimpléid mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| **Cás-staidéar A** | ina bhfuil comhlacht poiblí a bhfuil mórghníomhaíochtaí fógraíochta aige agus caiteachas suntasach ar iliomad cainéal meán. |
| **Cás-staidéar B** | ina bhfuil comhlacht poiblí a bhfuil gníomhaíochtaí fógraíochta teoranta aige agus caiteachas ar níos lú cainéal meán. |

Chun críocha léirithe, léiríonn an dá chás-staidéar feachtas fógraíochta bréige i dtús 2023. Áirítear sonraí bréige sa dá chás-staidéar i dtaca le gníomhaíocht insamhlaithe fógraíochta comhlachta phoiblí chun go mbainfí amach na dualgais 20% (alt 10A.(1) (a)) agus 5% (alt 10A.(1) (b)). Ní thabharfaidh na figiúirí carntha sna cás-staidéir seo ach léargas teoranta ar oibríochtaí bliantúla fógraíochta comhlachta phoiblí. Is iad na figiúirí iomlána do 2023, mar a bheidh tuairiscithe ag an gcomhlacht poiblí, a úsáidfear chun géilliúlacht an chomhlachta phoiblí d'alt 10A. trí chéile, a mheas.

Áirítear trí scarbhileog shainiúla sa teimpléad Excel:

| | |
|---|---|
| Bileog oibre A | chun sonraí a ghabháil i dtaca le gníomhaíochtaí fógraíochta atá á gcur i gcrích ag comhlacht poiblí maidir leis an dualgas 20% |
| Bileog oibre B | chun sonraí a ghabháil i dtaca le gníomhaíochtaí fógraíochta atá á gcur i gcrích ag comhlacht poiblí maidir leis an gcaiteachas 5% ar mheáin Ghaeilge |
| Bileog oibre C | chun ábhar cruthaitheach a cuireadh i gcrích i nGaeilge a logáil |

Léiríonn ceannteidil na gcolún sa teimpléad na príomhtháscairí úd a mbeidh aird Oifig an Choimisinéara Teanga orthu le sonraí a ghabháil chun críocha monatóireachta géilliúlachta. Tá roghchláir anuas a bhfuil liostaí curtha iontu roimh ré sna colúin a bhaineann le meán (colún e) agus tomhas (colún f). Áirítear sna cás-staidéir samplaí fógraíochta ar na cainéil mheán uile a dtagraítear dóibh sna sleamhnáin Powerpoint (sleamhnán 10) agus sna Ceisteanna Coitianta a scaipeadh ar chomhlachtaí poiblí i mí Mheán Fómhair. Tá réimse 'Tráchtaireacht Bhreise' sa teimpléad a chuirfidh ar chumas comhlachtaí poiblí faisnéis cháilíochtúil bhreise a chur in iúl a mheastar a bhfuil feidhm léi maidir le dualgais alt 10A. a chomhlíonadh.

Mar a luadh thuas, áirítear sa teimpléad bileog chun logáil a dhéanamh ar mhíreanna cruthaitheacha. Is ar an gcomhlacht poiblí féin atá an dualgas iarraidh ar áisínteachtaí cruthaitheacha taifid chruthaitheachta a choinneáil siar go dtí an 30/6/2024, ar mhaithe le tomhas géilliúlachta. Beidh ar chomhlachtaí poiblí fianaise a choinneáil dá bhfeachtais mheán faoi úinéireacht mar dheimhniú ar na sonraí atá áirithe ag an gcomhlacht poiblí sa teimpléad tomhais ar ghéilliúlacht.

Tabhair faoi deara go bhféadfaidh OCT an teimpléad a bheachtú sula gcuirfear leagan ar líne ar fáil in 2023, ach fanfaidh an fhaisnéis a lorgaítear ó chomhlachtaí poiblí, mar atá leagtha amach sa teimpléad seo, mar a chéile. Mar sin, is féidir le comhlachtaí poiblí an teimpléad seo a úsáid anois chun sonraí a ngníomhaíochtaí fógraíochta chun críche alt 10A a chur i dtoll a chéile. Ceanglófar ar chomhlachtaí poiblí an leagan deiridh den uirlis tomhais ar ghéilliúlacht a chomhlánú ar líne faoin 8 Márta 2024.